NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment



# Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile

## Freagraí Páistí a Bhailiú agus Freagairt dóibh maidir le Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile

# Clár an Ábhair

RÉAMHRÁ ..... 3

MODHEOLAÍOCHT ..... 6

COMHAIRLIÚCHÁN ..... 8

TAR ÉIS AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN ..... 11

FREAGRAÍ A ULLMHÚ ..... 15

CONCLÚID AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE ..... 19

TAGAIRTÍ ..... 20

AGUISÍN A: MODHEOLAÍOCHT OIRIÚNAITHE BUNAITHE AR AISEOLAS CAP ..... 21

AGUISÍN B: LIOSTA IOMLÁN DE CHEISTEANNA NA BPÁISTÍ CATAGÓIRITHE ..... 27

AGUISÍN C: CEISTEANNA ATÁ CATAGÓIRITHE MAR 'EILE' ..... 37

AGUISÍN D: D'ULLMHAIGH CNCM FREAGRAÍ AR NA CEISTEANNA ..... 39

AGUISÍN E: AISEOLAS CAP MAIDIR LE FREAGRAÍ CNCM AR NA CEISTEANNA ..... 41

# Réamhrá


## Curaclam na Bunscoile a Athfhorbairt

D'athfhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) Curaclam na Bunscoile le déanaí. Tá fís agus prionsabail an churaclaim athfhorbartha leagtha amach i *gCreatchuraclam na Bunscoile* (an Roinn Oideachais, 2023).

Sheol an tAire Oideachais agus Óige, Helen McEntee, T.D., Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile an 22 Meán Fómhair 2025. In oirchill ar a fhoilsiú, thionscain CNCM forbairt ábhar atá oiriúnach do pháistí. Rinneadh eolas do na hábhair sin, a dearadh chun tacú le tuiscint páistí ar an gcuraclam athfhorbartha, le ceisteanna barántúla a bailíodh ó na páistí le linn cuairteanna scoile.

## An tuarascáil seo

Sa tuarascáil seo, insítear comhairliúchán le 52 páiste ó Chéim 1 go Céim 4 (Rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Sé) i gceithre bhunscoil, a rinneadh le linn mhí na Bealtaine agus mhí an Mheithimh 2025, chun tacú le CNCM ábhair thacaíochta a fhorbairt do pháistí, le páistí. Ba chineálacha difriúla scoileanna iad na scoileanna (suíomh; éiteas; teanga agus méid) agus bhí siad lonnaithe i gcontaetha na Gaillimhe, Bhaile Átha Cliath, Mhaigh Eo agus Chill Dara.




**Fíor 1: Suíomh na scoileanna dár tugadh cuireadh a bheith rannpháirteach**

## Lucht féachana agus tionchar

Mar a leagtar amach i bPlean Straitéiseach CNCM 2022 – 2025, tá guth an pháiste/an scoláire ar cheann d'ocht bprionsabal atá mar bhonn faoi obair CNCM, lena léirítear meas ar cheart páistí agus scoláirí éisteacht a fháil agus a bheith curtha san áireamh agus an curaclam agus an chomhairle measúnaithe a fhorbraítear á múnlú.

Bhí comhairliúchán le páistí mar ghné láidir d'obair CNCM le linn na céime comhairliúcháin de dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile agus den fhorbairt sonraíochta curaclaim (Kiely et al., 2022; Kiely et al., 2024).

Chun ionchuimsiú guthanna páistí a bhaint amach ar bhealach níos lárnaí agus níos luaithe sna próisis forbartha, d'oibrigh CNCM i gcomhpháirtíocht le Coláiste Ealaíon na Boirne maidir le dhá imeacht comhairliúcháin pobail scoile ar *Oideachas Ealaíon* agus ar an *Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta* in 2023. Le déanaí, i gcomhpháirtíocht le Hub na nÓg agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY), chuaigh CNCM i gcomhairle le páistí agus forbairt á déanamh ar shonraíochtaí curaclaim na *Folláine* agus an *Oideachais Shóisialta agus Imshaoil.*

Tá CNCM tiomanta dá chinntiú go mbeidh ról fiúntach ag páistí maidir le hinneachar agus cur i láthair faisnéise a bhaineann le Curaclam athfhorbartha na Bunscoile a mhúnlú. Ós rud é gur gearr go dtabharfar blaiseadh de Churaclam athfhorbartha na Bunscoile do pháistí ar fud na hÉireann, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na hábhair a sholáthraítear ábhartha agus inrochtana araon. Chuige sin, d'fhéach CNCM le ceisteanna instinneacha agus barántúla páistí a bhailiú, d'fhonn ábhair thacaíochta páistelároithe a fhorbairt mar fhreagairt ar na ceisteanna a chualathas le linn an chomhairliúcháin.

Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil do na páistí uile in Éirinn, dá gcuid teaghlach agus scoileanna.


## An Creat Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus iad a bheith Rannpháirteach i nDéanamh Cinntí

Chun críocha an chomhairliúcháin seo, dhear agus d'éascaigh an pearsanra ó CNCM na seisiúin sna scoileanna. Rinneadh eolas don chur chuige a glacadh le modheolaíochtaí a úsáideadh roimhe sin i gcomhpháirtíocht le Hub na nÓg maidir leis na comhairliúcháin thuasluaite le páistí. Tá obair Hub na nÓg faoi threoir an *Chreata Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus iad a bheith Rannpháirteach i nDéanamh Cinntí*. Tá an creat bunaithe ar shamhail cheartbhunaithe rannpháirtíochta, rud a d'fhorbair an tOllamh Laura Lundy, agus tá ceithre ghné ann: Spás, Guth, Lucht Féachana agus Tionchar. Tá míniú gairid ar gach ceann acu sin le feiceáil i bhFíor 2.

Tá sé mar aidhm ag an tsamhail a úsáidtear deis a sholáthar do pháistí a gcuid dearcthaí a chur in iúl sa chinnteoireacht maidir le cúrsaí a bhaineann leo agus lena saol. Ciallaíonn sin:

- faisnéis aoisoiriúnach inrochtana a sholáthar dóibh, chomh maith le suíomh agus timpeallacht oiriúnach ina n-airíonn siad sábháilte agus saor lena gcuid dearcthaí, tuairimí agus smaointe a chur in iúl
- éascaíocht a dhéanamh dá léiriú smaointe, ag baint úsáid as modheolaíochtaí atá aoisoiriúnach, inrochtana, ionas gur féidir leo a gcuid dearcthaí a chur in iúl go hiomlán
- iad a chur ar an eolas maidir le cé a chloisfidh agus a bhreithneoidh a gcuid dearcthaí, agus glacadh lena ndearcthaí i ndáiríre, agus aird chuí a thabhairt ar a gcuid tuairimí laistigh de phróisis chinnteoireachta
- iad a chur ar an eolas faoin raon atá acu (lena n-áirítear na srianta) chun tionchar a imirt ar chinnteoireacht agus aiseolas a thabhairt do pháistí maidir leis an tionchar a bhí ag a gcuid dearcthaí agus tuairimí ar na cinntí a rinneadh.

Ag eascairt as an gcur chuige sin, déantar eolas don tuarascáil seo le tuairimí na bpáistí. Taifeadtar inti na ceisteanna a chomhroinn siad, chomh maith le hionchur an Phainéil Chomhairligh Páistí (CAP) ó scoil amháin, a raibh a hionchur ina chuidiú chun múnlú a dhéanamh ar an modheolaíocht a úsáideadh le héascaíocht a dhéanamh do bhailiú ceisteanna i measc páistí sna scoileanna rannpháirteacha eile.




**Fíor 2: Samhail Lundy (Ár leithscéal nach bhfuil leagan Gaeilge ar fáil)**

# Modheolaíocht

Sa chuid seo, leagtar amach an mhodheolaíocht a úsáideadh do na seisiúin bailithe ceisteanna le páistí maidir le Curaclam athfhorbartha na Bunscoile.

## An mhodheolaíocht a fhorbairt

Dhear CNCM dhá mhodheolaíocht tosaigh do Chéim 1 agus Céim 2 (Rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Dó) agus dhá mhodheolaíocht tosaigh bhreise do Chéim 3 agus Céim 4 (Rang a Trí go Rang a Sé).

Bunaíodh Painéal Comhairleach Páistí (CAP) sa chéad scoil ar ar thug CNCM cuairt. Tugadh cuireadh do ghrúpa ocht bpáiste ó Rang a Cúig chun bheith rannpháirteach in CAP. Ba thábhachtach an rud é go mbeadh baill CAP fós sa scoil le linn na bliana acadúla ina dhiaidh sin (dar tosach mí Mheán Fómhair 2025), ós rud é go raibh gá le cuairt deiridh ag an gcéim sin chun an próiseas comhairliúcháin a chur i gcrích. Sholáthair CAP aiseolas cuiditheach maidir le modheolaíochtaí beartaithe CNCM. Thairg sé moltaí luachmhara freisin le haghaidh oiriúnuithe aoisoiriúnacha agus modhanna atá oiriúnach do pháistí chun ceisteanna a lorg ó pháistí sna scoileanna rannpháirteacha eile.

Ag gach céim de dhearadh na modhanna, rinneadh bearta chun a chinntiú go raibh deiseanna inrochtana agus ionchuimsitheacha ag na páistí chun ceisteanna a chur. Chuir baill CAP béim láidir ar an tábhacht a bhaineann le hionchuimsitheacht, agus iad ag tacú le cuir chuige lena gcumasófaí do na páistí uile a gcuid ceisteanna a chur in iúl ar bhealaí a bhí compordach agus cuí dar leo.

Soláthraíodh faisnéis aoisoiriúnach do pháistí maidir le cuspóir na gcuairteanna scoile agus topaic an athraithe curaclaim. Ar cheann de phríomhbhreithnithe CNCM, agus ceann faoinar thug CAP comhairle, bhí forbairt a dhéanamh ar bhealach a bhí oiriúnach do pháistí chun coincheap an churaclaim a mhíniú. Comhaontaíodh é a shainiú mar "an méid a fhoghlaímid ar scoil agus an bealach a ndéanaimid sin". Mhol comhaltaí CAP freisin go dtabharfaí "samplaí sonracha" chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thuiscint páistí sna scoileanna rannpháirteacha eile.

Moladh do na páistí na ceisteanna a chur pé bealach ba chompordaí dóibh. Orthu sin bhí: de bhéal, trí líníochtaí nó focail scríofa a úsáid nó i gcomhrá le páiste eile.

## Cumhdach Páistí

Mar a leagtar amach sa Ráiteas um Chumhdach Páistí, tá CNCM tiomanta, trína rannpháirtíocht le páistí, dá gcuid sábháilteachta, leasa agus forbartha a chinntiú mar chroíchuspóir agus croíthosaíocht. Rinneadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar fhoireann CNCM a bhí i láthair ag cuairteanna scoile le haghaidh na gcomhairliúchán.

## Sampláil

Rinneadh machnamh cuí lena chinntiú gur cineálacha difriúla scoileanna iad na scoileanna a roghnaíodh. Cuimhníodh ar chúinsí, lena n-áirítear na cinn seo uile: an suíomh – uirbeach agus tuaithe; an t-éiteas – sainchreidmheach agus il-sainchreidmheach; an mhéid – grád amháin agus ilghrád; agus scoil Ghaeilge, nuair a tugadh cuireadh do scoileanna a bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán.

Mar a leagtar amach i bPlean Straitéiseach CNCM 2022 – 2025, tá an ionchuimsitheacht agus an éagsúlacht ar cheann de na hocht bprionsabal atá mar bhonn faoi obair CNCM, rud a chumasaíonn forbairt an churaclaim agus an mheasúnaithe lena n-aithnítear uathúlacht agus cearta gach páiste agus an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do gach páiste chun a gcumas a bhaint amach. Iarradh ar scoileanna aird a tharraingt ar an bprionsabal sin agus deis á soláthar do pháistí a bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán.

## An mhodheolaíocht a reáchtáil ar bhonn píolótach le Painéal Comhairleach Páistí (CAP)

Don chomhairliúchán seo, bunaíodh Painéal Comhairleach Páistí (CAP) chun cabhrú leis an gcomhairliúchán a phleanáil agus a reáchtáil ar bhonn píolótach. Soláthraíonn painéil chomhairleacha bealach le páirt dhíreach a thabhairt do líon beag páistí i gcomhairle a thabhairt maidir le comhairliúchán a fhorbairt. Is bealach thar a bheith luachmhar é a bheith ag obair le painéal comhairleach chun comhairliúchán a phleanáil agus a reáchtáil ar bhonn píolótach, le cohórt níos leithne de pháistí. Is bealach an-úsáideach iad painéil chomhairleacha freisin lena chinntiú go mbeidh páirt dhíreach ag páistí agus daoine óga sa chinnteoireacht i gcásanna nach féidir páirt a thabhairt do na páistí uile i scoil.

Bhí CAP bunaithe i scoil uirbeach mhór le ranganna speisialta. Tháinig na páistí, dar tugadh cuireadh a bheith rannpháirteach, ó Rang a Cúig, agus sheas siad do réimse leathan agus éagsúil cúlraí. Reáchtáladh an clár píolótach ar feadh dhá uair an chloig in aon lá amháin.

Reáchtáladh an mhodheolaíocht ar bhonn píolótach le CAP agus sholáthair sé aiseolas maidir le conas a d’fhéadfaí ceisteanna na bpáistí a éascú. Úsáideadh ionchur agus aiseolas na bpáistí chun an mhodheolaíocht deiridh agus leagan amach na gcomhairliúchán a dhearadh. San anailís ar an tuarascáil, áiríodh ceisteanna na bpáistí maidir leis an gcuraclam athfhorbartha le linn an chláir phíolótaigh. Tríd sin, cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le héisteacht le guthanna na bpáistí agus a gcuid dearcthaí, smaointe, barúlacha agus ceisteanna a chur san áireamh.

Mar thoradh ar an aiseolas ó CAP, rinneadh athruithe ar leagan amach mhodheolaíocht na laethanta píolótacha. Is féidir na hathruithe sin a fheiceáil in Aguisín A.

## Anailís ar shonraí

Bhí na sonraí ó na seisiúin chomhairliúcháin comhdhéanta de na ceisteanna ó bhéal a bhí ag na páistí, dá gcuid líníochtaí, focal scríofa agus léaráidí. Chun anailís a dhéanamh ar na sonraí sin, rinneadh anailís théamach. Is éard a bhí i gceist leis sin patrúin athfhillteacha a shainaithint agus ceisteanna na bpáistí a ghrúpáil faoi théamaí coitianta, rud a d’fhág go rabhthas in ann tuiscint struchtúrtha a fháil ar na saincheisteanna agus na hábhair spéise ba shuntasaí ar fud na scoileanna rannpháirteacha.

# Comhairliúchán

Sa chuid seo den tuarascáil, soláthraítear cuntas ar na seisiúin ionscoile a rinneadh le páistí, arbh é is aidhm dóibh a gcuid ceisteanna barántúla a spreagadh maidir le Curaclam athfhorbartha na Bunscoile.

I ngach ceann de na scoileanna rannpháirteacha, grúpáladh na páistí mar a leanas:

- Grúpa 1: Céim 1 agus Céim 2 (Rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Dó)
- Grúpa 2: Céim 3 agus Céim 4: (Rang a Trí go Rang a Sé).

Mhair an comhairliúchán le gach grúpa thart ar uair an chloig. Bailíodh ceisteanna na bpáistí uile le chéile ar fud na gceithre scoil rannpháirteacha.

Sa scoil phíolótach, míníodh na modheolaíochtaí beartaithe tosaigh, lena n-úsáid leis an dá ghrúpa, do na páistí in CAP. Míníodh ról CAP go soiléir mar a leanas:

- aiseolas a sholáthar maidir leis na dréachtmhodheolaíochtaí
- míniú atá oiriúnach do pháistí a sholáthar ar 'churaclam'
- comhairle a thabhairt maidir le leagan amach na 'faisnéise do pháistí'
- ceisteanna a chur maidir le Curaclam athfhorbartha na Bunscoile

I ngach ceann de na scoileanna rannpháirteacha, cuireadh tús leis na seisiúin le cluiche chun leac an doichill a bhriseadh – úsáideadh réimse cluichí ar fud na scoileanna. Ar na cluichí, bhí cluiche ainmneacha i gciorcal inar chomhroinn na páistí a n-ainm agus inar chuir siad gluaiseacht leis. B'éigean do na páistí eile, mar aon leis an éascaitheoir, na hainmneacha agus na gluaiseachtaí uile sa tsraith a rá agus a choinneáil i gcuimhne. I scoileanna áirithe, úsáideadh cluiche breise, inarb amhlaidh, tar éis thaispeántas an éascaitheora, a rinne na páistí athrá ar dhearbhuithe agus seasamh colainne láidir muiníneach acu. Ar na dearbhuithe ar a ndearnadh athrá bhí 'Tá mé cliste', 'Tá mé láidir', 'Tá rud éigin le rá/le comhroinnt agam'. Roghnaíodh cluichí bunaithe ar an ngrúpdhinimic agus ar an spás a bhí ar fáil. Rinneadh amhlaidh chun cuidiú leo a bheith níos compordaí agus iad ag plé leis an mbeirt éascaitheoirí agus lena gcuid piaraí, ar féidir go raibh nó nach raibh aithne acu ar roinnt acu ó ranganna eile.

Tar éis cur in aithne agus na gníomhaíochta chun leac an doichill a bhriseadh, tugadh breac-chuntas ar struchtúr an tseisiúin do na páistí agus cuspóirí an tseisiúin á leagan amach go soiléir. Is éard a bhí i gceist leis sin:

- na páistí a chur ar an eolas go raibh siad ag glacadh páirt sa seisiún dá ndeoin féin, go raibh sé de rogha acu féin labhairt nó gan labhairt, a gcuid tuairimí agus ceisteanna a chomhroinnt pé bealach ba chompordaí dar leo agus go raibh sé de cheart acu tarraingt siar ag aon phointe. Cuireadh na páistí ar an eolas nach raibh a leithéid de rud ann agus ceist áiféiseach agus go raibh gach ceist ba mhaith leo a chur tábhachtach
- na páistí a chur ar an eolas go dtaifeadfaí a gcuid dearcthaí i bhfoirm scríofa agus go bhfoilseofaí iad i dtuarascáil in am trátha, ach go mbeadh a gcuid ainmneacha anaithnidithe

- na páistí a chur ar an eolas faoi lucht léite na tuarascála, agus míniú a thabhairt gur féidir nach mbeadh sé indéanta gach ceist a chuir siad a fhreagairt, cé go nglacfaí lena gcuid tuairimí go dáiríre. Cuireadh na páistí ar an eolas, mura mbeadh sé indéanta ceist a fhreagairt, go míneofaí dóibh na cúiseanna leis sin.

Shuigh na páistí i leathchiorcal leis na héascaitheoirí. Bunaithe ar chomhairle agus aiseolas ó CAP, rinneadh cur síos ar '*churaclam*' i dtús gach ceann de na seisiúin mar '*an méid a fhoghlaímid ar scoil agus an bealach a ndéanaimid sin*'. Mar a mhol CAP, úsáideadh íomhánna d'amchláir seomra ranga freisin chun tacú le tuiscint na bpáistí ar an gcuraclam. Ina theannta sin, bunaithe ar mholadh ó pháistí CAP, tugadh an sampla béil de *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* agus de conas a fhoghlaimímid cineálacha difriúla matamaitice ar bhealaí difriúla.

Is éard a bhí i gceist leis an modheolaíocht do Ghrúpa 1 (Céim 1 agus Céim 2), an puipéad, Carlos, a chur in aithne do na páistí. Trí chur i láthair fisiúil, tacaíodh leis an scéal a insint de conas a chuaigh Carlos ar turas chuig trí sheomra ranga dhifriúla. Sheas an doras dearg don doras chuig seomra ranga san am a chuaigh thart, sheas an doras buí don doras chuig seomra ranga an lae inniu agus sheas an doras glas don doras chuig seomra ranga san am atá le teacht. Bhí déantúsáin ó gach ré le feiceáil taobh thiar de gach doras, seachas doras glas na todhchaí. B'éigean do na páistí smaoineamh ar an méid a d'fhéadfadh Carlos a fheiceáil taobh thiar den doras sin, agus an tuiscint acu go bhfuil '*an méid a fhoghlaímid ar scoil agus an bealach a ndéanaimid sin*' ag athrú. Aistríodh an cur i láthair agus na mínithe gairide go Gaeilge do na rannpháirtithe Gaelscoile.




**Fíor 3: Na hábhair a úsáideadh sa mhodheolaíocht do Ghrúpa 1 (Céim 1 agus Céim 2)**

Is éard a bhí i gceist leis an modheolaíocht do Ghrúpa 2 (Céim 3 agus Céim 4) dhá íomhá a thaispeáint do na páistí agus cur i láthair PowerPoint á úsáid. Sa chéad cheann, taispeánadh grianghraf frámáilte de sheomra ranga inniu agus, sa dara ceann, bhí grianghraf frámáilte dá scoil. Sa chéad sleamhnán eile, taispeánadh dhá fhráma grianghraif fholmha – ceann amháin do sheomra ranga agus ceann eile do scoil in 2030. B'éigean do na páistí smaoineamh ar an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar na grianghraif sin, ó tharla go bhfuil '*an méid a fhoghlaímid ar scoil agus an bealach a ndéanaimid sin*' ag athrú. Tugadh priontaí amach de na frámaí grianghraif folmha dóibh agus iarradh orthu tosú ar na pictiúir a tharraingt dá gcuideodh sin leo a machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith acu. Aistríodh an cur i láthair agus na mínithe gairide go Gaeilge do na rannpháirtithe Gaelscoile.







**Fíor 4: Na hábhair a úsáideadh sa mhodheolaíocht do Ghrúpa 2 (Céim 3 agus Céim 4)**

Leis na modheolaíochtaí thuas do gach grúpa cinntíodh freisin gur tógadh gach deis chun seansanna comhionanna a thabhairt do gach páiste a gcuid ceisteanna agus ábhar machnaimh a chomhroinnt. Mura raibh ceist soiléir ar dtús, lorgaíodh soiléiriú. Moladh do na páistí a gcuid ceisteanna a chur in iúl ó bhéal, i scríbhinn nó trí líníocht.

# Tar éis an chomhairliúcháin

Sa chuid seo den tuarascáil, cuirtear i láthair an anailís ar na sonraí a bailíodh le linn an chomhairliúcháin leis na páistí maidir le Curaclam athfhorbartha na Bunscoile.

Pléadh ról CAP roimhe sin i ndáil leis an modheolaíocht agus trí aiseolas a sholáthar ar na dréachtmhodheolaíochtaí. Ina theannta sin, iarradh ar bhaill CAP:

- tacú le foireann CNCM na ceisteanna a bailíodh sna scoileanna rannpháirteacha uile a chatagóiriú agus a chur in ord tosaíochta

Trí pháirt a thabhairt do CAP sa chuid seo den anailís ar shonraí cinntíodh nár cuireadh i bhfeidhm lionsa an duine fhásta agus anailís agus catagóiriú á ndéanamh ar na ceisteanna a bhí le cur san áireamh sa tuarascáil atá oiriúnach do pháistí.

## Na ceisteanna a chatagóiriú agus a chur in ord tosaíochta




D'fhill CNCM ar scoil CAP i mí an Mheithimh agus bhuail sé leis na páistí i seomra nach raibh aon troscán ann agus ina raibh cuid mhór spás urláir chun oibriú ar an tasc catagóirithe. Míníodh do na páistí an tasc a bhaineann leis na ceisteanna a chatagóiriú. Mhol CNCM na catagóirí Céard, Cén áit, Cé, Cathain, Conas chun an tasc a thosú. Cuireadh na páistí ar an eolas go bhféadfaidís teideal gach catagóire a athrú agus níos mó a chur isteach dá mbeadh smaoineamh eile acu.


Léadh cúpla ceist don ghrúpa iomlán agus éisteadh le moltaí maidir leis an gcatagóir inar cheart an cheist a chur. Ansin, tugadh gearrthóga de na ceisteanna do na páistí agus iarradh orthu oibriú ina mbeirteanna chun iad a phlé agus a chur sa chatagóir is ábhartha. Mhol na páistí teideal catagóire 'Eile' a bheith acu le haghaidh ceisteanna a measadh nach raibh ábhartha do thopaic an churaclaim. Is féidir liosta iomlán de na ceisteanna uile a fheiceáil in Aguisín B agus is féidir liosta iomlán de cheisteanna 'Eile' a fheiceáil in Aguisín C.

Nuair a cuireadh na ceisteanna uile faoi cheann amháin de na teidil chatagóire, mar ghrúpa iomlán, léigh foireann CNCM na ceisteanna i ngach catagóir amach os ord agus moladh do CAP é a rá dá gceapfadh sé go n-oirfeadh aon cheann de na ceisteanna ar bhealach níos fearr do chatagóir eile.

Ar deireadh, fiafraíodh den ochtar páistí in CAP cé na ceisteanna ba thábhachtaí dar leo. Chuir ceathrar páistí an chatagóir 'Céard' in iúl, chuir beirt an chatagóir 'Conas' in iúl, chuir páiste amháin eile an chatagóir 'cén áit' in iúl agus chuir páiste eile an chatagóir 'cé' in iúl.

Seo a leanas catagóiriú na gceisteanna tar éis thacaíocht CAP i mí an Mheithimh.

| Céard? | Conas? |
|---|---|
|   |   |
| **Cathain?** | **Cé?** |
|   |   |
| **Cén fáth?** | **Cén áit?** |
|   |   |

| Eile |
|---|
|   |

**Fíor 5: Ceisteanna a chatagóiriú le CAP**

Ós rud é go raibh cuid mhór athrá ann laistigh de gach catagóir, beachtaíodh an liosta de cheisteanna páistí a thuilleadh ionas go bhféadfaí faisnéis a ullmhú chun freagairt dá gcuid ceisteanna. Bailítear liosta deiridh na gceisteanna le chéile ar fud na gceithre scoil.

Bhain formhór cheisteanna na bpáistí le hinneachar an churaclaim, an méid a d'fhoghlaimeoidís. Bhain an chéad chatagóir ba choitianta eile le conas a d'fhoghlaimeoidís. Ar an iomlán, ba chosúil nach raibh na páistí chomh buartha sin faoin bhfáth a raibh an curaclam ag athrú. Go mór mór, bhí cuid mhór ceisteanna ann inar fhiafraigh siad díobh féin an mbeadh níos mó deiseanna acu an teicneolaíocht a úsáid agus an mbeadh níos mó teangacha á bhfoghlaim acu.

## Cén leagan amach ba cheart a bheith ag an bhfaisnéis do pháistí?

D'iarr CNCM ar pháistí ó CAP cuimhneamh ar bhealaí cuí chun na freagraí a chomhroinnt le páistí sna bunscoileanna agus sna scoileanna speisialta uile. Seo a leanas roinnt moltaí ó CAP maidir leis an leagan amach ba cheart a bheith ag an bhfaisnéis do pháistí:

- "Formáid físe toisc go mbeidh sin ina cuidiú le tuiscint a fháil ar bhealach níos tapúla"
- "D'fhéadfadh an leabhrán mearbhall a chur ort dá mbeadh cuid mhór faisnéise á léamh agat"
- "Do pháistí níos óige, d'fhéadfadh sé go n-oibreodh sonóg go maith chun an fhaisnéis a insint. Bheadh sé sin níos idirghníomhaí ná físeán nó leabhrán. Agus bheadh deiseanna ag na páistí ceisteanna a chur nó moltaí a dhéanamh"
- "Carlos, i bhformáid físe, agus míniú á thabhairt aige ar an gcuraclam nua. Úsáid focail shimplí ar a bhfuil tuiscint ag páistí, le haghaidh focail níos deacra, d'fhéadfadh Carlos a bhfuil i gceist leo a mhíniú" *(Tugtar an t-ainm Carlos ar an bpuipéad a úsáidtear sa mhodheolaíocht do Ghrúpa 1 – Rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Dó)*
- "D'fhéadfadh físeán a bheith an-inrochtana agus an-spéisiúil do pháistí"

- “Bheadh leabhar pictiúr ina chuidiú le páistí chun rudaí a shamhlú”
- “Greannán agus comhrá idir na carachtair (m.sh. Carlos)”
- “Bheadh greannán spéisiúil, agus d’fhéadfadh páistí filleadh air i rith an lae nuair a bheadh fonn orthu plé leis”
- “Ba cheart d’fhíseáin a bheith gairid, cosúil le sraith beagnach”
- “Is maith an rud é leabhrán a bheith agat toisc gur féidir leat greim a fháil air agus laghdaítear útamáil leis”
- “D’fhéadfadh rud a mbeadh baint ag tuismitheoirí leis a bheith cuiditheach”
- “Tá tábhacht le rogha”

# Freagraí a ullmhú

Tar éis comhairliúchán le CAP, braitheadh, dá bhfreagrófaí ceisteanna na bpáistí roghnaithe (Fíor 6), go mbeadh freagra tugtha i ndáiríre d'fhormhór na gceisteanna laistigh de gach catagóir. Níor áiríodh an chatagóir 'Eile' sa liosta deiridh de cheisteanna. Bhraith na páistí a raibh baint acu le CAP gur leathnaigh na ceisteanna sa chatagóir sin lastall den churaclam. Tar éis machnamh a dhéanamh, d'aithin CNCM nach bhféadfadh sé aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin go leordhóthanach, ós rud é go raibh baint ag athruithe ar fhoirgnimh scoile, beartais éide scoile agus rialacha scoile leo – cinntí a thagann lasmuigh de raon feidhme na pleanála curaclaim.

Seo a leanas an liosta beachtaithe de cheisteanna:

| | |
|---|---|
| **An dtiocfaidh athrú ar na hábhair uile leis?** | **Ní fheadar an mbeidh níos mó rogha ann…** |
| Cé chomh héasca nó cé chomh deacair agus a bheidh sé? | **An mbeimid fós in ann na seanbhealaí foghlama a úsáid?** |
| **An athróidh struchtúr an lae agus na seachtaine?** | **Ní fheadar an mbeidh níos mó am saor againn chun bheith ag súgradh…** |
| **Ní fheadar an dtiocfadh athrú tapa ar an gcuraclam…** | **An mbeidh níos mó nó níos lú scrúduithe le déanamh againn?** |




Fíor 6: Liosta beachtaithe de cheisteanna na bpáistí

Ullmhaíodh na freagraí ar an liosta beachtaithe d'aon cheist déag ar bhealach go bhfreagrófar cuid de na ceisteanna gaolmhara eile a cuireadh freisin agus, ar an mbealach sin, féachadh leis an oiread ceisteanna agus is féidir a fhreagairt [Aguisín D].

## Aiseolas maidir leis na freagraí

D'fhill CNCM ar scoil CAP i mí Dheireadh Fómhair le haghaidh cuairt deiridh. Sa chuairt sin, baineadh amach an buaicphointe rannpháirteachais le páistí maidir le forbairt a dhéanamh ar threoir do pháistí a bheadh ag gabháil leis an gcuraclam bunscoile athfhorbartha. Ba iad na trí aidhm lárnacha a bhí ag an gcuairt:

1. ceisteanna agus freagraí a athbhreithniú lena gcur san áireamh sa treoir do pháistí
2. na ceisteanna a thaifeadadh agus guthanna páistí á n-úsáid
3. smaointe a bhailiú do ghrafaicí agus léaráidí lena gcur leis an téacs.

Ar dtús, leag foireann CNCM amach an réasúnaíocht a bhí taobh thiar de na ceisteanna uileghabhálacha, a moladh lena n-áireamh, a roghnú. Míníodh do na páistí gurb amhlaidh sa tsraith dheiridh de cheisteanna a léiríodh téamaí athfhillteacha a sainaithníodh ar feadh an phróisis comhairliúcháin agus gurb amhlaidh agus an fhoclaíocht á comhaontú, a bhain CNCM leas as obair chatagóirithe agus beartaithe tosaíochta CAP le linn chuairt mhí an Mheithimh. Cuireadh i gcuimhne do na páistí, ós rud é go raibh an treoir

beartaithe do na daltaí bunscoile uile (Rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Sé), gurbh fhearr foclaíocht shimplithe a úsáid i gcoitinne chun inrochtaineacht agus tuiscint a chinntiú ar fud na n-aoisghrúpaí uile.

Cuireadh an t-aon cheist déag i láthair agus cur i láthair PowerPoint á úsáid, agus ceist agus freagra amháin ann in aghaidh an tsleamhnáin. Léigh foireann CNCM gach ceist os ord, agus d'fhreagair na páistí le 'hordóg suas nó síos.' I gcás inar moladh leasuithe, mhol na páistí foclaíocht mhalartach agus mhínigh siad a réasúnaíocht. I gcásanna áirithe, shainaithin siad réimsí ina bhféadfadh an teanga a bheith níos oiriúnaí do pháiste agus cásanna eile ina bhféadfaí an freagra a shoiléiriú [Aguisín E].

Seo a leanas an téacs a comhaontaíodh do na ceisteanna agus do na freagraí araon lena úsáid agus an leabhrán stiallghreannáin á chruthú.

- Cén fáth a bhfuil na hathruithe ag tarlú?

Bíonn an domhan ag síorathrú agus is gá dúinn uile foghlaim faoi rudaí nua! A bhuí leis na hathruithe seo, tabharfar cuid mhór foghlaim agus scileanna nua duit a chuideoidh leat i do shaol anois agus de réir mar a théann tú in aois.

- Ní fheadar an mbeidh níos mó rogha ann?

Beidh roinnt mhaith seansanna agat an méid a bhfoghlaimíonn tú faoi i d'ábhair dhifriúla, agus an bealach a léiríonn tú do chuid foghlama, a roghnú. Tá an-tábhacht le do chuid smaointe agus ábhar spéise, agus beidh fonn ar do mhúinteoir iad a chloisteáil agus gníomhaíochtaí agus ceachtanna á bpleanáil.

- An dtiocfaidh athrú ar na hábhair uile leis?

Tiocfaidh Ó Rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Dó, gabhann do chuid foghlama ina chéile ar bhealaí spraíúla agus nasctha. Ó Rang a Trí go Rang a Sé, beidh do chuid foghlama deighilte in ábhair – ach ná bí buartha mar oibreoidh na hábhair sin le chéile fós, rud a chuidíonn leat smaointe a nascadh agus leanúint de bheith ag foghlaim ar bhealaí sultmhara agus spreagúla.

- An athróidh amchlár an lae agus na seachtaine?

Is féidir go dtiocfaidh athrú beag ar amchlár an lae agus go dtabharfar níos mó nó níos lú ama d'ábhair áirithe. Mar shampla, beidh níos mó ama ann don Chorpoideachas agus do OSPS. Beidh do mhúinteoir ag cur ábhair dhifriúla le chéile freisin chun cuidiú leat foghlaim faoin mbealach a n-oibríonn gach rud le chéile sa saol mar atá, agus sult a bhaint as sin a dhéanamh.

- Ní fheadar an mbeidh níos mó am saor againn chun bheith ag súgradh?

Beidh Tá an-tábhacht le súgradh do chách. Is iomaí seans a bheidh ann do chách le bheith ag súgradh agus ag foghlaim trí mheán an tsúgartha ar feadh an lae scoile.

- An mbeidh níos mó foghlama againn taobh amuigh? *An mbeidh níos mó foghlama againn taobh amuigh?*

Is iomaí áit agus spás difriúil atá ann inar féidir leat a bheith ag foghlaim, sa seomra ranga, lasmuigh agus timpeall do scoile. Is féidir le do mhúinteoirí cuidiú leat rudaí nua a fhiosrú, a aimsiú agus a thriail lasmuigh le linn a bheith ag foghlaim ar bhealaí sultmhara.

- An mbeidh níos mó nó níos lú scrúduithe le déanamh againn?

D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt scrúduithe fós le déanamh agat ach beidh cuid mhór bealaí eile ann duit freisin chun an méid atá ar eolas agat agus is féidir leat a dhéanamh a thaispeáint, agus chun go gcuideoidh do mhúinteoir leat le do chuid foghlama.

- An mbeidh níos mó teicneolaíochta ann? An mbeidh níos mó teicneolaíochta ann?

Is cuid mhór dár ndomhan inniu í an teicneolaíocht, agus gheobhaidh tú an deis foghlaim faoi chuid mhór cineálacha difriúla di. Úsáidfidh tú an teicneolaíocht chun cuidiú le cuid de d'obair – ach ní dhéanfaidh tú sin an t-am ar fad!

- An mbeimid fós in ann na seanbhealaí foghlama a úsáid?

Tá na rudaí a úsáideann tú agus na bealaí a fhoghlaimíonn tú go maith fós – agus anois beidh an deis agat cinn nua a thriail freisin lena bhféadfaí an fhoghlaim a dhéanamh níos sultmhaire, níos spéisiúla agus níos spreagúla fós.

- Ní fheadar an dtiocfaidh athrú tapa ar an gcuraclam?

Tá an-tábhacht leis na hathruithe seo agus tarlóidh siad de réir a chéile sna blianta atá le teacht, mar sin, tá neart ama ann duit agus do do mhúinteoirí chun dul i dtaithí orthu.

- Cé chomh héasca nó cé chomh deacair agus a bheidh sé?

Ní bheidh na rudaí nua a fhoghlaimeoidh tú níos fusa ná níos deacra. Oirfidh an fhoghlaim duit in ábhair dhifriúla. Beidh do mhúinteoir ann i gcónaí chun cuidiú agus a chinntiú go mbeidh tú ag foghlaim ar an mbealach is fearr a oireann duit.

Nuair a comhaontaíodh an fhoclaíocht thuas, thaifead gach páiste ceist amháin ar a laghad chun a chinntiú go ndearnadh ionadaíocht do na guthanna uile sa leagan fuaime den tuarascáil. Taifeadadh dhá cheann den aon cheist déag i nGaeilge, rud a cinntíodh go ndearnadh ionadaíocht d'ionchur na Gaelscoile.

Cuireadh an seisiún i gcrích le gníomhaíocht chruthaitheach, ar lena linn a sholáthair páistí sceitsí agus léaráidí chun cuidiú le dearadh an leabhráin stiallghreannáin agus na formáide físe ina dhiaidh sin. Bhí an deis ag na páistí a gcuid smaointe a chomhroinnt leis an ngrúpa agus forbróidh foireann ilmheán CNCM an léaráid ghrafaice deiridh ar na smaointe sin.

# Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Is léir ó cheisteanna na bpáistí a ghlac páirt sna comhairliúcháin seo go bhfuil ceisteanna soiléire acu maidir leis an gcuraclam athfhorbartha. Is léir a bhfiosracht nádúrtha i líon, fairsinge agus doimhneacht na gceisteanna a chuir siad. Ba chosúil go raibh siad ar bís le curaclam nua a shamhlú. Ar roinnt mhaith bealaí, léirítear lena gcuid ceisteanna an méid atá á fhoghlaim acu faoi láthair agus an bealach a ndéanann siad sin agus a gcuid fiosrachta agus an dóchas atá acu go bhfaighidh siad níos mó den mhéid a thaitníonn leo agus atá fiúntach dar leo.

Is éard atá fite fuaite sa phróiseas comhairliúcháin ná braistint láidir i measc na bpáistí go bhféadfaidís a bheith ag foghlaim ar bhealaí níos ilchineálaí, níos taitneamhaí agus, ar deireadh thiar, níos rathúla. Ar a mbealach féin, chuir na páistí in iúl gur mhaith leo a bheith níos réamhghníomhaí ina gcuid foghlama, go mbeadh níos mó rogha acu maidir lena hinneachar, agus cumas gníomhúcháin níos mó iontu a gcuid ábhar spéise a fhiosrú; is éard atá uathu go mór ná rannpháirteachas gníomhach agus rannpháirtíocht phraiticiúil. In aimsir teicneolaíochtaí digiteacha atá ag forbairt go sciobtha, feiceann siad go leor bealaí a éascaítear a gcuid foghlama cheana féin a bhuí leis na teicneolaíochtaí sin, agus taitníonn siad leo, agus seans maith go ndéanfar amhlaidh ar bhealaí níos nuálaí, níos 'todhchaíche' fós, de réir mar a dhéanfaidh siad dul chun cinn ina dturais foghlama.

Leis an tuarascáil seo, déanfar eolas don fhaisnéis ar Churaclam athfhorbartha na Bunscoile a ullmhófar do na páistí uile ar fud na hÉireann. Cuireadh baill CAP ar an eolas le linn na cuairte deiridh i mí Dheireadh Fómhair faoin tionchar a bhí ag a nguthanna, agus guthanna na bpáistí rannpháirteacha eile, ar fhorbairt CNCM ar ábhair faisnéise atá oiriúnach do pháistí, lena n-áirítear leabhrán stiallghreannáin agus beochan físe ina dhiaidh sin. Comhroinnfear an leabhrán stiallghreannáin leis na páistí a ghlac páirt sa chomhairliúchán seo agus beidh sé le fáil ar www.curriculumonline.ie le haghaidh na bpáistí uile sna bunscoileanna agus i scoileanna speisialta.

# Tagairtí


An Roinn Oideachais (2023). *Creatchuraclam na Bunscoile.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Ar fáil ar: https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/primary/the-primary-curriculum-framework/


An Roinn Oideachais (2023). *Curaclam Matamaitice na Bunscoile.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Ar fáil ar: https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/primary/curriculum-areas/updated-science-technology-engineering-and-mathematics-(stem)-education/


An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2021). *An Creat Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus iad a bheith Rannpháirteach i nDéanamh Cinntí.* Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag: https://hubnanog.ie/participation-framework/

# Aguisín A: Modheolaíocht Oiriúnaithe bunaithe ar aiseolas CAP

| Grúpa | An mhodheolaíocht chun ceisteanna a spreagadh a cuireadh i láthair CAP | Rogha CAP | An mhodheolaíocht oiriúnaithe do chuairteanna scoile ina dhiaidh sin |
|---|---|---|---|
| Rang na Naíonán Sóisearach – Rang a Dó | **Modheolaíocht 1**: íomhánna de 3 dhoras a úsáid chun an t-am atá caite, an t-am i láthair agus an t-am atá le teacht a léiriú.<br><br> | B'fhearr le cúigear as ochtar puipéad<br>B'fhearr le duine as ochtar doirse<br>B'fhearr le beirt as ochtar meascán den dá rud ag brath ar an aois/an rang<br>*'Ba mhaith an rud é puipéad a bheith ann do pháistí níos óige i rang na Naíonán Sóisearach ach níor mhaith sin do rang a dó.'*<br>*'An bhféadfadh meascán a bheith ann ag brath ar an rang?'*<br>*'Oibreoidh cluiche nó rud éigin sultmhar go maith. Taitníonn cluichí le páistí'.*<br>*'D'fhéadfaí an puipéad agus na doirse araon a úsáid.'* | An scéal á insint ag puipéad faoi bheith ag siúl trí dhoirse an ama atá caite, an ama i láthair agus an ama atá le teacht.<br>Úsáid na sleamhnáin mar íomhánna chun tacú leis an seanchas. Ag siúl trí dhoras an ama atá le teacht, deir Carlos, "M'anam! Tá sé seo iontach. Tá an oiread sin sceitimíní orm."<br>Cuireann na páistí a gcuid ceisteanna ar Carlos, ina cháil mar shaineolaí a fuair spléachadh ar na hathruithe.<br>Is é an cúram a bheidh ar Carlos ansin imeacht agus na freagraí ar na |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | <br><br>**Modheolaíocht 2**: puipéad, Carlos agus a scéal.<br><br> | | ceisteanna sin a ullmhú ionas go bhfreagróidh sé iad i gceart. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Modheolaíocht 3**: - ? – an rogha a bhaineann lena chomhchur le chéile le CAP<br><br>(Míníodh na modheolaíochtaí agus PowerPoint á úsáid le híomhánna mar atá thuas). | | |
| Rang a Trí – Rang a Sé | **Modheolaíocht 1**: Léarscáil – léarscáil taisce – léarscáil taisce bhán den churaclam, an méid a d'fhéadfadh a bheith uirthi.<br><br><br><br><br>**Modheolaíocht 2**: Frámaí grianghraif – grianghraf frámáilte de sheomra ranga agus scoil anois agus frámaí grianghraif folmha de sheomra ranga agus scoil in 2030. | Vótáil seachtar as ochtar ar son an fhráma grianghraif<br>Vótáil duine as ochtar ar son na léarscáile<br>Is maith an rud é an straitéis 'Ní fheadar' chun ceisteanna oscailte a chur ach ba mhaith an rud é na ceisteanna a scríobh síos seachas iad a chur os ard. ***'D'fhágfadh sin go mbeidh gach páiste ar a gcompord agus ceisteanna á gcur'.***<br>Luaigh CAP gur tábhachtach go mothóidh na páistí uile ar a gcompord agus ceisteanna á gcur agus leis an modheolaíocht seo tacaítear leis na páistí déanamh amhlaidh ar chuid mhór bealaí (m.sh. ag tarraingt, ag scríobh, ag cur ceiste os ard). | Agus úsáid á baint as na frámaí grianghraif folmha, nuair a spreagfar a gcuid samhlaíochtaí agus smaointe le híomhánna na ngrianghraf frámáilte de sheomra ranga agus scoil inniu,<br><br>is féidir le páistí pictiúr a tharraingt nó focal a scríobh i bhfráma seomra ranga agus scoile amach anseo chun ceisteanna is féidir a chur ó bhéal nó a scríobh síos a spreagadh. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| |  | | |
| **Tascanna breise** | | | |
| Míniú gairid ar an bhfocal 'curaclam'. | Rinneadh cur síos ar an bhfocal 'curaclam' do CAP mar an méid a fhoghlaímid ar scoil agus an bealach a ndéanaimid sin.<br><br>Fiafraíodh de CAP cé na tuairimí a bhí aige maidir leis an dóigh a bhféadfaimis, mar dhaoine fásta, 'curaclam' a mhíniú sna 3 scoil eile ar a dtabharfaimid cuairt. | Thaitin an frása 'an méid a fhoghlaimíonn tú agus an bealach a bhfoghlaimíonn tú' le CAP. Mhol na páistí go bhféadfaimis cur leis á rá go bhfuil cuid mhór bealaí foghlama difriúla ann. Mhol páiste amháin go bhfuil an obair uile don bhliain sceidealaithe sa churaclam agus, mar sin, gur geall le sceideal d'fhoghlaim na bpáistí é. Luaigh páiste eile go bhfuil sé cosúil le '***liosta foghlama a dhéanfaidh tú', 'amchlár foghlama***'.<br><br>Mhol CAP go dtabharfaimis samplaí sonracha. Luaigh sé an Mhatamaitic. '***Mar shampla, agus an Mhatamaitic á déanamh, imríonn tú cluichí***' srl… | Leis an aiseolas ó CAP, rinneadh eolas do na híomhánna agus don teanga a úsáideadh chun an 'curaclam' a shainmhíniú agus cur síos a dhéanamh air sna 3 scoil a bhí fágtha. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Fiafraíodh de CAP cén tuairim a bhí aige maidir leis an leagan amach ba cheart a bheith ag an 'bhFaisnéis do Pháistí'.<br><br>Tugadh samplaí den chaoi a bhféadfaí an fhaisnéis a chur i láthair. Rinneadh plé éigin faoin mbealach is fearr leo faisnéis a fháil agus faoi na bealaí a d'fhéadfadh a bheith ar na bealaí is cuidithí do pháistí eile. | '***Formáid físe toisc go mbeidh sin ina cuidiú le tuiscint a fháil ar bhealach níos tapúla'***<br>***'D'fhéadfadh an leabhrán mearbhall a chur ort dá mbeadh cuid mhór faisnéise á léamh agat'***<br>Do pháistí níos óige, d'fhéadfadh sé go n-oibreodh sonóg go maith chun an fhaisnéis a insint. Bheadh sé sin níos idirghníomhaí ná físeán nó leabhrán. Agus bheadh deiseanna ag na páistí ceisteanna a chur nó moltaí a dhéanamh.<br>Carlos, i bhformáid físe, agus míniú á thabhairt aige ar an gcuraclam nua. Úsáid focail shimplí ar a bhfuil tuiscint ag páistí, le haghaidh focail níos deacra, d'fhéadfadh Carlos a bhfuil i gceist leo a mhíniú.<br>D'fhéadfadh físeán a bheith an-inrochtana agus an-spéisiúil do pháistí<br>Bheadh leabhar pictiúr ina chuidiú le páistí chun rudaí a shamhlú<br>Greannán agus comhrá idir na carachtair (m.sh. Carlos)<br>Bheadh greannán spéisiúil, agus d'fhéadfadh páistí filleadh air i rith an lae nuair a bheadh fonn orthu plé leis.<br>Ba cheart d'fhíseáin a bheith gairid, cosúil le sraith beagnach<br>Is maith an rud é leabhrán a bheith agat toisc gur féidir leat greim a fháil air agus laghdaítear útamáil leis<br>D'fhéadfadh rud a mbeadh baint ag tuismitheoirí leis a bheith cuiditheach<br>Tá tábhacht le rogha | |

# Aguisín B: Liosta iomlán de cheisteanna na bpáistí catagóirithe

| Ceisteanna 'Céard' |
| --- |
| • Ní fheadar an dtiocfaidh athrú ar na rudaí a úsáidimid chun cuidiú linn foghlaim?<br>• An mbeidh na hathruithe ina n-athruithe móra nó beaga nó ina meascán den dá rud?<br>• An dtiocfaidh athrú ar na hábhair uile leis?<br>• Ní fheadar an mbeidh níos mó ranganna sultmhara ann (Ealaín, Eolaíocht, Béarla) dála na meánscoile?<br>• An éireoidh an scoil agus an Mhatamaitic níos deacra?<br>• Ní fheadar an bhféadfaimis obair bhaile a fháil a bhaineann le rud éigin a dhearadh nó rud éigin a thosaíomar ar scoil a chríochnú?<br>• An mbeidh muid fós ag déanamh scríbhneoireachta?<br>• An mbeidh muid fós ag déanamh quizanna? (Mata agus Béarla)?<br>• An mbeidh muid ag déanamh Mata?<br>• Ní fheadar an mbeidh níos mó ealaíon agus ceardaíochta á ndéanamh againn?<br>• An mbeidh cartúin fós ann? (mar shampla Am Órga)<br>• An mbeidh ábhair bhreise againn?<br>• An bhféachfaidh siad chuige go mbeidh an Mhatamaitic agus ceachtanna eile níos deacra chun dúshlán níos mó a thabhairt do na páistí?<br>• Ní fheadar an mbeidh níos mó ceachtanna againn?<br>• Ní fheadar an mbeidh seans ann le haghaidh club díospóireachta?<br>• Ní fheadar an bhfoghlaimeoimid níos mó teangacha?<br>• An athróidh struchtúr an lae / na seachtaine?<br>• An mbeidh an curaclam ar leibhéal níos airde nó níos fusa?<br>• An mbeidh cuid mhór athruithe i gceist nó díreach cúpla ceann? |

- An bhfoghlaimeoimid faoi phoist dhifriúla?
- An mbeidh na hathruithe ina n-athruithe móra nó beaga nó ina meascán den dá rud?
- An dtiocfaidh athrú ar na hábhair uile leis?
- Ní fheadar an mbeidh spóirt nua agus níos mó spórt sna scoileanna?
- An bhfoghlaimeoimid teangacha nua?
- An mbainfidh na hathruithe le foghlaim na bpáistí nó leis an scoil iomlán?
- Ní fheadar an ndéanfaimid níos mó rudaí ó bhéal seachas i scríbhinn?
- An bhfaighimid ábhair nua?
- An mbeidh muid ag déanamh aon ábhar nua (mar rinne mé fuáil agus thaitin sin go mór liom agus d'fhéadfaimis ár n-éadaí féin a dheisiú / a athúsáid)?
- An mbeidh muid ag foghlaim faoi theangacha eile, mar shampla Fraincis agus Spáinnis?
- An mbeidh muid ag déanamh códú (mar ba mhaith liom oibriú leis an teicneolaíocht, dearthóir grafaicí)?
- An mbeidh muid ag foghlaim faoin mbulaíocht (mar tá sé tábhachtach foghlaim céard í an bhulaíocht agus conas déileáil léi agus conas tú féin a chosaint)?
- An mbeidh muid ag déanamh corpoideachais (traenáil, cluichí nua)?
- An mbeidh muid ag foghlaim faoin stair agus faoin tíreolaíocht mar tá siad an-spéisiúil?
- An mbeidh muid ag foghlaim Gaeilge agus Béarla (mar is maith liom iad)?
- An mbeidh muid ag déanamh rudaí praiticiúla mar shampla cróise? Ionas gur féidir linn ár rudaí féin a dhéanamh, bríste a athrú go bríste gearr?
- An dtiocfaidh athrú ar gach réimse den churaclam?
- An mbeidh teanga nua á foghlaim againn?
- An mbeidh uirlisí difriúla á bhfoghlaim againn? Stuif ceoil?

- Sa Chorpoideachas, an féidir linn rudaí níos spéisiúla a dhéanamh cosúil le rince mar, faoi láthair, déanaimid spórt, ar nós cispheile, den chuid is mó?
- An féidir linn níos mó ábhair a fhoghlaim cosúil leis an Eolaíocht, an Stair agus an Tíreolaíocht?
- An féidir nó nach féidir leis an naíscoil é seo a fháil?
- An mbeidh scrúduithe Dhroim Chonrach againn fós?
- An mbeidh teangacha iasachta difriúla á múineadh sna bunscoileanna?
- An mbeidh rialacha nua ann?
- Athruithe móra nó beaga?
- An mbeidh níos mó ábhair foghlama teanga againn?
- An mbeidh níos mó nó níos lú ábhar againn?
- An mbeidh níos mó ceachtanna teanga againn?

| Ceisteanna 'Cén áit' |
|---|
| • An mbeidh an curaclam ar fáil sna hiar-bhunscoileanna?<br>• An mbeidh níos mó foghlama taobh amuigh (ach amháin ní bhíonn gach duine ag iarraidh dul amach nuair a bhíonn sé ag cur báistí nó má bhíonn fiabhras léana dona orthu)?<br>• An mbeidh áiseanna spóirt ann?<br>• An leathnóimid an scoil?<br>• An mbeidh cúirt spórt sa scoil?<br>• An bhfoghlaimeoimid ceacht amháin in aghaidh an lae, nuair a chríochnóimid gach ceacht an aistreoimid chuig seomra ranga difriúil?<br>• An mbeidh clós nua againn? |

- An mbeidh coill againn mar is maith liom a bheith taobh amuigh?
- Ní fheadar an athróidh foirgneamh na scoile? An mbeidh thuas staighre ann?
- An féidir gairdín na gcéadfaí a bheith againn chun faoiseamh a fháil ó strus?
- An mbeidh athruithe ann sna meánscoileanna?
- Ní fheadar an féidir linn níos mó spórt a dhéanamh lasmuigh de na cinn thraidisiúnta cosúil le lúthchleasaíocht agus snámh?
- Ní fheadar an mbeidh rialacha nua ann?
- An mbeidh ábhair á bhfoghlaim againn taobh amuigh?
- An mbeidh an curaclam ar fáil sna hiar-bhunscoileanna?
- An éireoidh na scoileanna níos mó nó níos lú?
- An mbeidh níos mó ábhar againn taobh amuigh?
- An mbeidh gairdín scoile againn?
- An féidir an spás a bheith ag gach rang chun glasraí a chur agus a bhaint?
- An mbeidh AstroTurf ann?
- An dtiocfaidh athrú ar chuma an tseomra ranga?
- Ní fheadar an féidir dhá rang a bheith againn in aon seomra ranga amháin?
- Ní fheadar an féidir liom páirc shacair a dhéanamh lasmuigh den scoil? An dtiocfaidh athruithe ar na háiseanna spórt?
- Ní fheadar an mbeidh níos mó áiseanna sa scoil?
- Ní fheadar an mbeidh an scoil / an seomra ranga todhchaíoch, is é sin, go mbeidh a spás foghlama féin ag gach duine?
- Ní fheadar an féidir linn níos mó crainn a chur timpeall na scoile?
- Amach anseo, an bhfaighidh scoileanna eile é seo, ní hamháin in Éirinn?
- An mbeidh méid éigeantach spáis ann ar féidir le páistí a bheith ag súgradh ann?
- An mbeidh páirceanna difriúla ann, ní hamháin páirceanna CLG (m.sh. áit súgartha)?

- An mbeidh níos mó áiseanna ann (cosúil le raon reatha)?

| Ceisteanna 'Conas' |
|---|
| • Ní fheadar an mbeidh níos mó tascanna deacra ann (níos mó tascanna deacra ag teastáil san Eolaíocht)?<br>• An ndéanfaimid níos mó obair bhaile ar an iPad?<br>• An ndéanfaimid Gaeilge ar tháibléid?<br>• An mbeidh níos mó teicneolaíochta ann mar bheadh sé sin níos suimiúla?<br>• An ndéanfaimid lámhscríbhneoireacht ar tháibléid / ar an iPad?<br>• An ndéanfaimid cluichí mata ar an iPad seachas ar an gclár?<br>• An ndéanfaimid ár gcuid oibre uile ar an iPad?<br>• An mbeidh tráth na gceist fós againn?<br>• An ndéanfaimid mata ar fhóin?<br>• An mbeidh sé mar a bhí san am a chuaigh thart?<br>• An mbeidh níos mó nó níos lú obair bhaile againn?<br>• An mbeidh mata á dhéanamh againn ar an iPad?<br>• An mbeidh grúpa aclaíochta fós ann, mar is maith liom sos ón obair?<br>• An mbeidh muid ag úsáid ríomhairí?<br>• An mbeidh ríomhaire ar do bhord? (Mar beidh tú ábalta a bheith ag spraoi air láithreach)<br>• Cá fhad a mhairfidh na hathruithe?<br>• Conas a bheidh an curaclam nua seo níos fearr ná an ceann eile?<br>• Ní fheadar an mbeidh obair bhaile againn? |

- Ní fheadar an mbeidh níos mó obair bhaile againn?
- Cé chomh mór agus atá na hathruithe?
- An mbeidh áiteanna ann ar féidir scíth a ligean má bhíonn tú faoi strus?
- An mbeidh athruithe móra nó beaga i gceist?
- Ní fheadar an mbeidh ár seomra féin againn do gach duine ag a bhfuil iPad / ríomhaire glúine do gach scoláire agus clár bán idirghníomhach?
- Ní fheadar an athróidh an éide?
- Cé chomh deacair a bheidh sé?
- An mbeidh muid ag imirt Kahoot! agus cluichí, mar díríonn muid isteach chun an cluiche a bhuachan?
- An mbeidh iPad againn seachas leabhair?
- An dtiocfaidh athrú ollmhór nó caolchúiseach ar an gcuraclam?
- An mbeidh níos mó nó níos lú scrúduithe le déanamh againn?
- Cén t-athrú a thiocfaidh air?
- An mbeidh níos mó staire agus tíreolaíochta ann?
- An mbeidh sé níos deacra dul i mbun foghlama?
- Ní fheadar an mbeidh ábhair againn taobh amuigh?
- Cé chomh héasca nó cé chomh deacair agus a bheidh sé?
- An mbeidh roghanna foghlama difriúla ann?
- An leanfaimid ar aghaidh fós leis an ucailéile agus le hióga?
- Má théann na rudaí a úsáidimid chun dul i mbun foghlama in aois, ní fheadar an bhfaighimid ábhair agus / nó trealamh nua?
- Ní fheadar an bhfoghlaimeoimid níos mó ábhar ná mar is gnách?
- An mbeidh níos mó foghlama taobh amuigh?
- An mbeimid fós in ann na seanbhealaí foghlama a úsáid nó an é nach mbeidh ach an bealach nua le húsáid?

- An gcaithfimid rudaí a dhéanamh ar an mbealach nua?
- Ní fheadar an mbeidh ár leabhair ina ríomhairí?
- An mbeidh scoileanna níos éiceabháiche?

| Ceisteanna 'Cathain' |
| --- |

- Ní fheadar an mbeidh níos mó ama againn don Chorpoideachas lenár múinteoir le linn an lae scoile?
- Ní fheadar an mbeidh sé níos nua-aimseartha?
- An mbeidh teicneolaíochtaí difriúla agus fionnachtana nua ann?
- An mbeadh ár scoil níos sultmhaire?
- An dtiocfaidh athrú air mar a théimid in aois i ranganna difriúla?
- An dtiocfaidh athrú ar an gclár inár seomra ranga?
- Cathain a thagann na '5 Banna' aníos? (Rialacha m.sh., 'Bí measúil')
- An dtiocfaidh athrú ar an meánscoil agus ar an gcoláiste freisin?
- Ní fheadar an mbeidh níos mó am saor againn / níos mó ama le bheith ag súgradh?
- Ní fheadar an mbeidh gach rud níos costasaí amach anseo?
- Ní fheadar an mbeidh gach rud a bheidh ann do pháistí sultmhar?
- An mbeidh obair bhaile againn le cuid mhór ceimice?
- Céard a tharlóidh nuair a rachaimid in aois?
- Cathain a tharlóidh na hathruithe?
- Ní fheadar an rachaidh Carlos ar scoil?
- Ní fheadar an bhfaighidh Carlos post?

- Cathain a athróidh sé?
- Ní fheadar an dtiocfaidh athrú tapa ar an gcuraclam?
- Ní fheadar an mbeidh cruinniú eile den chineál seo againn?
- An mbeidh cláir nua (thodhchaíocha) againn?
- Cathain a gheobhaimid freagraí ar ár gceisteanna?
- Ní fheadar an úsáidfimid ríomhairí chun dul i mbun foghlama agus an mbeidh an gléas amach anseo in ann measúnú a dhéanamh ar ár gcuid foghlama agus í a dhéanamh níos sultmhaire?
- An ndéanfaimid níos mó de na hábhair nach mbíonn ar bun againn mórán, mar shampla, ETIM, Tíreolaíocht agus Stair?
- An bhfoghlaimeoidh conas bácáil?
- An mbeidh cruinniú nua ann arís (YAG/CAP)?
- An mbeidh éidí againn?
- An mbeidh níos mó gníomhaíochtaí iarscoile ann?
- An ndéanfaidh siad na ranganna níos spreagúla nó níos gníomhaí do pháistí?
- Ní fheadar an mbeidh níos lú leabhar ann? B'fhéidir go mbeidh níos lú leabhar ann amach anseo...Ní fheadar an mbeidh níos mó iPadanna ann?
- Ní fheadar an úsáidfimid níos lú páipéir sna scoileanna chun cuidiú leis an timpeallacht?
- Ní fheadar an athróidh na suíocháin?
- An bhfaighidh nó nach bhfaighidh na meánscoileanna uile é?
- An mbeidh ár n-obair bhaile difriúil?
- An bhfoghlaimeoimid níos mó rudaí praiticiúla?
- An mbeidh ábhair nua againn?
- Ní fheadar an mbeidh níos mó nó níos lú tascanna againn?

| Ceisteanna 'Cé' |
| --- |
| • An mbeidh róbó againn mar mhúinteoir? Agus mar phríomhoide?<br>• Ní fheadar an mbeidh na múinteoirí ina róbónna?<br>• An mbeidh na páistí níos óige ag foghlaim conas aire a thabhairt dóibh féin (mar shampla nuair atá siad ag cur fola)?<br>• An mbeidh cara in éineacht le Carlos chun cuidiú leis?<br>• An mbeidh múinteoirí difriúla againn d'ábhair dhifriúla (mar shampla ceol, ealaín agus spórt)?<br>• Ní fheadar an féidir linn oibriú le daltaí ó ranganna eile?<br>• Ní fheadar an mbeidh ar an múinteoir an méid a dhéanann siad a scríobh síos?<br>• An mbeidh níos mó múinteoirí sa seomra ranga?<br>• Ní fheadar an mbeidh páistí in ann na spóirt a imríonn siad a roghnú?<br>• An mbeidh Carlos páirteach? |

| Ceisteanna 'Cén fáth' |
| --- |
| • Cén fáth an bhfuil athruithe nua ag teastáil uainn?<br>• Cén fáth a bhfuil na hathruithe ag tarlú?<br>• Cén fáth a bhfuil an curaclam ag athrú? |

# Aguisín C:  Ceisteanna atá catagóirithe mar 'Eile'

| Ceisteanna eile |
| --- |
| • An mbeidh rialacha nua ann?<br>• An leathnóimid an scoil?<br>• An mbeidh cúirt spórt sa scoil?<br>• Ní fheadar an athróidh foirgneamh na scoile? An mbeidh thuas staighre ann?<br>• An féidir gairdín na gcéadfaí a bheith againn chun faoiseamh a fháil ó strus?<br>• An mbeidh AstroTurf ann?<br>• Ní fheadar an féidir liom páirc shacair a dhéanamh lasmuigh den scoil? An dtiocfaidh athruithe ar na háiseanna spórt?<br>• An mbeidh sé mar a bhí san am a chuaigh thart?<br>• Ní fheadar an athróidh an éide?<br>• Cathain a thagann na '5 Banna' aníos? (Rialacha m.sh., 'Bí measúil')<br>• Ní fheadar an mbeidh gach rud níos costasaí amach anseo?<br>• Ní fheadar an rachaidh Carlos ar scoil?<br>• Ní fheadar an bhfaighidh Carlos post?<br>• Ní fheadar an mbeidh cruinniú eile den chineál seo againn? (Grúpa CAP – freagartha i láthair go pearsanta)<br>• Cathain a gheobhaimid freagraí ar ár gceisteanna?  (Freagartha ó bhéal – i bhFómhar/Geimhreadh 2025)<br>• An mbeidh cruinniú nua againn arís (grúpa CAP – freagartha i láthair go pearsanta)?<br>• An mbeidh éidí againn?<br>• An mbeidh níos mó gníomhaíochtaí iarscoile ann?<br>• An mbeidh cara in éineacht le Carlos chun cuidiú leis? |

- Ní fheadar an mbeidh ar an múinteoir an méid a dhéanann siad a scríobh síos?
- An mbeidh Carlos páirteach?

# Aguisín D: D'ullmhaigh CNCM freagraí ar na ceisteanna

| Ceist | Freagra |
|---|---|
| Cén fáth a bhfuil na hathruithe ag tarlú? | Bíonn an domhan ag síorathrú agus is gá dúinn uile foghlaim faoi rudaí nua! A bhuí leis na hathruithe seo, tabharfar cuid mhór foghlaim agus scileanna nua duit a chuideoidh leat i do shaol anois agus de réir mar a théann tú in aois. |
| Ní fheadar an mbeidh níos mó rogha ann? | Beidh roinnt mhaith seansanna agat an méid a bhfoghlaimíonn tú faoi agus an bealach a léiríonn tú do chuid foghlama a roghnú. Tá an-tábhacht le do chuid smaointe agus ábhar spéise, agus beidh fonn ar do mhúinteoir iad a chloisteáil agus gníomhaíochtaí agus ceachtanna á bpleanáil. |
| An dtiocfaidh athrú ar na hábhair uile leis? | Tiocfaidh Ó rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Dó, gabhann do chuid foghlama ina chéile ar bhealaí sultmhara agus nasctha. Ó Rang a Trí go Rang a Sé, beidh do chuid foghlama deighilte in ábhair – ach ná bí buartha ós rud é go n-oibreoidh na hábhair sin le chéile fós, rud a chuidíonn leat smaointe a nascadh agus a bheith ag foghlaim ar bhealaí spreagúla. |
| An athróidh struchtúr an lae agus na seachtaine? | Is féidir go dtiocfaidh athrú beag ar struchtúr an lae agus go dtabharfar níos mó nó níos lú ama d'ábhair áirithe. Mar shampla, beidh níos mó ama ann don Chorpoideachas agus do OSPS. Beidh do mhúinteoir ag cur ábhair dhifriúla le chéile freisin chun cuidiú leat foghlaim faoin mbealach a n-oibríonn gach rud le chéile sa saol mar atá, agus sult a bhaint as sin a dhéanamh. |
| Ní fheadar an mbeidh níos mó am saor againn chun bheith ag súgradh? | Tá an-tábhacht le súgradh do chách. Is iomaí seans a bheidh ann le bheith ag súgradh agus ag foghlaim trí mheán an tsúgartha ar feadh an lae scoile. |
| An mbeidh níos mó foghlama againn taobh amuigh? An mbeidh níos mó foghlama againn taobh amuigh? | Is iomaí áit agus spás difriúil atá ann inar féidir leat a bheith ag foghlaim, sa seomra ranga, lasmuigh agus timpeall do scoile. Is féidir le do mhúinteoirí cuidiú leat rudaí nua a fhiosrú, a aimsiú agus a thriail lasmuigh le linn a bheith ag foghlaim ar bhealaí sultmhara. |
| An mbeidh níos mó nó níos lú scrúduithe le déanamh againn? | Is dócha go mbeidh roinnt scrúduithe fós le déanamh agat ach beidh cuid mhór bealaí eile ann duit freisin chun an méid atá ar eolas agat agus is féidir leat a dhéanamh a thaispeáint, agus chun go gcuideoidh do mhúinteoir leat le do chuid foghlama. |

| | |
|---|---|
| An mbeidh níos mó teicneolaíochta ann mar bheadh sé sin níos suimiúla? An mbeidh níos mó teicneolaíochta ann mar bheadh sé sin níos spéisiúla? | Is cuid mhór dár ndomhan inniu í an teicneolaíocht, agus gheobhaidh tú an deis foghlaim faoi chuid mhór cineálacha difriúla di. Úsáidfidh tú an teicneolaíocht chun cuidiú le cuid de d'obair – ach ní dhéanfaidh tú sin an t-am ar fad! |
| An mbeidh roghanna foghlama difriúla ann? | Beidh, beidh tú fós ag foghlaim sna bealaí atá ar eolas agat agus a thaitníonn leat, agus anois beidh an deis agat roinnt bealaí nua a thriail lena bhféadfaí an fhoghlaim a dhéanamh níos sultmhaire, níos spéisiúla agus níos spreagúla fós. |
| Ní fheadar an dtiocfaidh athrú tapa ar an gcuraclam? | Tá an-tábhacht leis na hathruithe seo agus tarlóidh siad de réir a chéile sna blianta atá le teacht, mar sin, tá neart ama ann duit agus do do mhúinteoirí chun dul i dtaithí orthu. |
| Cé chomh héasca nó cé chomh deacair agus a bheidh sé? | Oirfidh na rudaí nua a fhoghlaimeoidh tú go díreach duit. Beidh do mhúinteoir ann i gcónaí chun cuidiú agus a chinntiú go mbeidh tú ag foghlaim ar an mbealach is fearr a oireann duit. |

# Aguisín E: Aiseolas CAP maidir le freagraí CNCM ar na ceisteanna

| Ceist | Freagra | Aiseolas CAP |
|---|---|---|
| Cén fáth a bhfuil na hathruithe ag tarlú? | Bíonn an domhan ag síorathrú agus is gá dúinn uile foghlaim faoi rudaí nua! A bhuí leis na hathruithe seo, tabharfar cuid mhór foghlaim agus scileanna nua duit a chuideoidh leat i do shaol anois agus de réir mar a théann tú in aois. | Ordóg suas – athruithe ar bith de dhíth |
| Ní fheadar an mbeidh níos mó rogha ann? | Beidh roinnt mhaith seansanna agat an méid a bhfoghlaimíonn tú faoi agus an bealach a léiríonn tú do chuid foghlama a roghnú. Tá an-tábhacht le do chuid smaointe agus ábhar spéise, agus beidh fonn ar do mhúinteoir iad a chloisteáil agus gníomhaíochtaí agus ceachtanna á bpleanáil. | Cheistigh CAP an méid sin agus bhraith sé go raibh an iomarca saoirse á tabhairt – an gciallaíonn sin gur féidir liom an Corpoideachas a dhéanamh an lá ar fad gan bacadh le hábhair eile, má roghnaím sin? Mhol siad 'i d'ábhair dhifriúla' a chur isteach mar shoiléiriú. |
| An dtiocfaidh athrú ar na hábhair uile leis? | Tiocfaidh Ó rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Dó, gabhann do chuid foghlama ina chéile ar bhealaí sultmhara agus nasctha. Ó Rang a Trí go Rang a Sé, beidh do chuid foghlama deighilte in ábhair – ach ná bí buartha ós rud é go n-oibreoidh na hábhair sin le chéile fós, rud a chuidíonn leat smaointe a nascadh agus a bheith ag foghlaim ar bhealaí spreagúla. | Smaoinigh CAP faoi úsáid an fhocail 'sultmhar' – mhol siad 'spraíúil' a úsáid do rang na naíonán sóisearach go rang a dó. Agus mhol sé foclaíocht úr a chur ar dheireadh an dara habairt: rud a chuidíonn leat smaointe a nascadh ach a bheith ag foghlaim fós ar bhealaí sultmhara agus spreagúla. |
| An athróidh struchtúr an lae agus na seachtaine? | Is féidir go dtiocfaidh athrú beag ar struchtúr an lae agus go dtabharfar níos mó nó níos lú ama d'ábhair áirithe. Mar shampla, beidh níos mó ama ann don Chorpoideachas agus do OSPS. Beidh do mhúinteoir ag cur ábhair dhifriúla le chéile freisin chun cuidiú leat foghlaim faoin mbealach a n-oibríonn gach rud le chéile sa saol mar atá, agus sult a bhaint as sin a dhéanamh. | Mhol CAP: 'An athróidh amchlár an lae agus na seachtaine?' ó tharla gur féidir nach dtuigfidh páistí 'struchtúr'. |
| Ní fheadar an mbeidh níos mó am saor againn chun bheith ag súgradh? | Tá an-tábhacht le súgradh do chách. Is iomaí seans a bheidh ann le bheith ag súgradh agus ag foghlaim trí mheán an tsúgartha ar feadh an lae scoile. | Mhol CAP 'Beidh' a chur i dtús an fhreagra seo. |
| An mbeidh níos mó foghlama againn taobh amuigh? *An* | Is iomaí áit agus spás difriúil atá ann inar féidir leat a bheith ag foghlaim, sa seomra ranga, lasmuigh agus timpeall do scoile. Is féidir le do mhúinteoirí cuidiú leat rudaí nua a fhiosrú, a aimsiú | Ordóg suas – athruithe ar bith de dhíth |

| | | |
|---|---|---|
| *mbeidh níos mó foghlama againn taobh amuigh?* | agus a thriail lasmuigh le linn a bheith ag foghlaim ar bhealaí sultmhara. | |
| An mbeidh níos mó nó níos lú scrúduithe le déanamh againn? | Is dócha go mbeidh roinnt scrúduithe fós le déanamh agat ach beidh cuid mhór bealaí eile ann duit freisin chun an méid atá ar eolas agat agus is féidir leat a dhéanamh a thaispeáint, agus chun go gcuideoidh do mhúinteoir leat le do chuid foghlama. | Bhraith CAP go raibh 'is dócha' ar ardleibhéal agus mhol sé 'b'fhéidir go mbeidh... fós agat' nó 'seans maith go mbeidh... agat' |
| An mbeidh níos mó teicneolaíochta ann mar bheadh sé sin níos suimiúla? *'An mbeidh níos mó teicneolaíochta ann mar bheadh sé sin níos spéisiúla?* | Is cuid mhór dár ndomhan inniu í an teicneolaíocht, agus gheobhaidh tú an deis foghlaim faoi chuid mhór cineálacha difriúla di. Úsáidfidh tú an teicneolaíocht chun cuidiú le cuid de d'obair – ach ní dhéanfaidh tú sin an t-am ar fad! | Mhol CAP an méid sin a ghiorrú chuig An mbeidh níos mó teicneolaíochta ann? An mbeidh níos mó teicneolaíochta ann? |
| An mbeidh roghanna foghlama difriúla ann?<br><br>nó<br><br>An mbeimid in ann na seanbhealaí foghlama a úsáid? | Beidh, beidh tú fós ag foghlaim sna bealaí atá ar eolas agat agus a thaitníonn leat, agus anois beidh an deis agat roinnt bealaí nua a thriail lena bhféadfaí an fhoghlaim a dhéanamh níos sultmhaire, níos spéisiúla agus níos spreagúla fós. | Bhraith CAP go raibh an cheist seo achrannach, go háirithe an focal 'roghanna' agus mhol sé an méid seo a leanas a choimeád – An mbeimid in ann na seanbhealaí foghlama a úsáid?<br><br>Bhraith CAP gur ghá an cheist a choigeartú dá mbeadh an leagan 'roghanna' den cheist á choimeád. |
| Ní fheadar an dtiocfaidh athrú tapa ar an gcuraclam? | Tá an-tábhacht leis na hathruithe seo agus tarlóidh siad de réir a chéile sna blianta atá le teacht, mar sin, tá neart ama ann duit agus do do mhúinteoirí chun dul i dtaithí orthu. | Ordóg suas – athruithe ar bith de dhíth |
| Cé chomh héasca nó cé chomh deacair agus a bheidh sé? | Oirfidh na rudaí nua a fhoghlaimeoidh tú go díreach duit. Beidh do mhúinteoir ann i gcónaí chun cuidiú agus a chinntiú go mbeidh tú ag foghlaim ar an mbealach is fearr a oireann duit. | Bhraith CAP go raibh an teachtaireacht sin róleathan – an bhféadfadh foghlaim 'shaincheaptha' a bheith i gceist léi? Bhraith sé nach dtugtar ach freagra 'doiléir' ar an gceist tríd sin. Mhol siad 'ní bheidh sé níos fusa ná níos deacra' agus freisin 'ag foghlaim ar bhealach a n-oireann duit in ábhair dhifriúla' |

